Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Iúil 2025
(OR. en)

11177/25

LIMITE

MOG 79
POLCOM 147

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| An: | 4 Iúil 2025 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála le tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Straitéisí aonair le gach ceann de na sé thír de Chomhairle Comhair na Murascaille (Bairéin, Cuáit, Óman, Catar, an Araib Shádach agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha)<br>– Glacadh |

1. An 1 Aibreán 2025, chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid na Comhairle Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear an Coimisiún Eorpach agus an Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála le tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Straitéisí aonair le gach ceann de na sé thír de Chomhairle Comhair na Murascaille (Bairéin, Cuáit, Óman, Catar, an Araib Shádach agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha).[1]

2. An 24 Aibreán, an 8, 22 agus 28 Bealtaine, scrúdaigh an Coiste um an mBeartas Trádála na codanna trádála den Mholadh thuasluaite, agus d'fhormhuinigh sé an téacs an 28 Bealtaine 2025.

3. An 10 Aibreán, an 5 agus 26 Bealtaine, an 12, 19 agus 24 Meitheamh, phléigh an Mheitheal um an Meánoirthear/an Mhurascaill an Cinneadh ón gComhairle atá beartaithe agus na treoracha caibidlíochta, agus an 20 Meitheamh 2025 tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs na dtreoracha caibidlíochta, agus modhnuithe déanta air, mar a leagtar amach in 10901/25 ADD1 é.

[1] 7657/25

4. An 24 Meitheamh 2025, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur leis an gcaibidlíocht agus caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir leis na forálacha a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais le haghaidh Comhaontuithe Comhpháirtíochta Straitéisí aonair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na sé thír de Chomhairle Comhair na Murascaille (Bairéin Cuáit, Óman, Catar, an Araib Shádach agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), den pháirt eile. A mhéid a thagann sé faoina n-inniúlacht féin freisin, bhí na Ballstáit ar fad in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an gCinneadh sin a ghlacadh.

PUBLIC

5. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe,

(a) iarrtar ar an gComhairle:

– dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur leis an gcaibidlíocht agus caibidlíocht a dhéanamh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir leis na forálacha a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais le haghaidh Comhaontuithe Comhpháirtíochta Straitéisí aonair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus na sé thír de Chomhairle Comhair na Murascaille (Bairéin, Cuáit, Óman, Catar, an Araib Shádach agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha), den pháirt eile, tar éis fíorú a bheith déanta air ag na saineolaithe dlí agus teanga, mar a leagtar amach in 10901/25 é mar aon leis na treoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis, a ghlacadh;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE faoi ghlacadh Chinneadh 10901/25 ón gComhairle agus go ndéanfar an cinneadh sin a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.